**S. 24AT**

# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

## SCRÚDÚ AN TEASTAIS SHÓISEARAIGH, 2005


## STAIR - ARDLEIBHÉAL

(**Ná** cuir na leathanaigh seo isteach le do fhreagarleabhar)

*FOINSÍ*

**1. PICTIÚIR**


**PICTIÚR A.**



A Dhia na Glóire! An *Glimmer Man*!

Foinse: Dublin Opinion

**PICTIÚR B.**




Foinse: www.calvin.edu

**PICTIÚR C.**




Foinse: Michael Diggin

## 2. DOICIMÉID

### DOICIMÉAD 1.

**Sliocht as "Dublin 1913, A Divided City", O'Brien Educational Ltd, 1978, lgh. 42-50.**

Bhí srian leis an saol a chaitheadar siúd, a bhí brúite le chéile sna tionóntáin. De réir rangú oifigiúil, bhí 22,701 duine ina gcónaí i dtithe den tríú aicme, sé sin tithe nach raibh oiriúnach le go mairfí iontu. Is mar seo a thug cigire amháin tuairisc ar a bhfaca sé: "thugamar cuairt ar theach amháin a raibh 98 duine ina gcónaí ann, teach eile a raibh 74 duine ann agus an triú teach a raibh 73 ann....is isteach an doras céanna a thagann na tionóntaí ar fad, doras a osclaíonn amach ar shráid nó ar lána, agus níos minicí ná a mhalairt, ní dhúntar an doras seo de ló nó d'oíche. Is iondúil gur sa chlós a bhíonn an t-aon sconna amháin le huisce a sholáthar don teach ar fad."

Bhí dlúthbhaint ag an ólachán leis an saol a chaith go leor de na daoine seo. D'fhág an t-ólachán oibrithe ar bheagán airgid le cúram a dhéanamh dá gclann. Níor chabhraigh an nós a bhí ann, oibrithe a íoc i dteach an óil, leis an deacracht seo. Ní fir amháin a bhí ag brath ar an ól. Bhí cuid mhór de na siopaí grosaera i dtithe tabhairne agus d'fhág sé seo cathú go minic ar na mná freisin. Thug an t-ólachán deis éalaithe ó bhuairt an tsaoil sna tionóntáin.

D'eascair fadhbanna móra sláinte ó na droch-dhálaí maireachtála, idir bhia mífholláin agus dhroch-chóras séarachais sna ceantair a raibh na tionóntáin. Bhí tinnis mharfacha go leor a bhí forleathan sa chathair. Is í an eitinn an galar ba mheasa ina measc. Ba de bharr droch-dhálaí maireachtála a bhásaigh an triú cuid díobh siúd ar cláraíodh a mbás sa chathair idir 1902 agus 1911. Bhí cuid de na galair thar a bheith tógálach, mar shampla an bhruitíneach agus an triuch. Ó tharla go raibh na tionóntáin ag cur thar maoil le daoine, bhí na galair seo níos dainséaraí fós, agus bhí sé chomh deacair iad a sheachaint.

### DOICIMÉAD 2.

**Sliocht as 'A Day in the Forge' le PJ Curtis, ó *The Music of Ghosts*, lgh. 36-37.**

Bhí Pat Joe ag adhaint na tine ó na smeachóidí a bhí fós dearg. Bhí a chuid muinchillí cnaptha suas aige agus é faoi réir do lá crua oibre eile. Istigh sa cheárta, bhí na fir ag teannadh leis an tine a raibh teas mór millteach uaithi anois fad 's a bhí na feirmeoirí eile ag teacht lena gcuid capall. Ní fada go raibh an ceárta agus clós na feirme ag cur thar maoil le torann agus le gleo: de comhrá ard, na boilg ag búr, an casúr á bhualadh ar an inneoin, capall ag seitreach.

Is í an chuimhne a fhanann liom den cheárta ná d'áit ghnóthach a bhí lán de chomhluadar agus de chomhrá spreagúil, go leor de a chuaigh amú ar leaidín beag óg. B'é an ceárta an spás neodrach sábháilte a bhí ag na fir seo an nuacht is deireanaí agus tuairimí a bhailiú agus a roinnt lena gcairde, san am sular tháinig raidió ná teilifís ar an saol.

Is ann a phléití gach cineál rud. Polaitíocht áitiúil agus náisiúnta, praghas na muc nó na mba ar aonaigh sa cheantar, barraí fataí, tuí nó cruithneacht. (Ba mhinic a chuala mé caint ar cén fad a thógadh sé an féar a shábháilt de bharr na drochaimsire.) Phléití scéalta aisteacha nó tarlúintí neamhghnáthacha sa dúiche freisin. Phléití nuacht agus biadán ón mbaile mór agus ón gcathair. Bhíodh scéalta níos faide ó bhaile á bplé ann freisin, a bhuíochas go minic do ghaolta na bhfear a bhí ar imirce i Sasana, Meiriceá nó san Astráil.

B'iontach an áit siamsaíochta agus caidrimh ab ea an cheárta do na feirmeoirí i gcomhluadar m'athair agus a chairde. Bhí feirmeoirí ann a bhí pósta, agus cuid eile arbh baitsiléirí iad, a bhí astu féin, iad uaigneach agus scoite amach ón bpobal sé lá na seachtaine. Is anseo, agus an gabha i mbun oibre sa ghleo agus sa deatach, agus na splancacha ag dul in aer, a chuirtí séala ar chairdeas, a réiteofaí aighnis agus a d'fhaightí faoiseamh seal i measc na gcarad.